An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta

# Riachtanais Ábhar Curaclaim (Iar-Bhunscoil)

*Dóibh siúd atá ag clárú ar nó tar éis an 5 Eanáir 2026*

I bhfeidhm ón 5 Eanáir 2026

# Gluais

### Ábhar Curaclaim
Ábhar le siollabas ordaithe ceadaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus scrúdaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

### An Ardteistiméireacht
An scrúdú deiridh ag leibhéal iar-bhunscoile in Éirinn a reáchtálann Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

### An Clár um Oiliúint Tosaigh Múinteoirí
Cáilíocht a nascann staidéar gairmiúil, bonnstaidéar agus socrúchán scoile a bhaineann le hoiliúint múinteoirí. Baineann sí le cáilíocht dírithe ar mhúinteoirí iar-bhunscoile ar mhaithe le cuspóirí na cáipéise seo.

### Cáilíocht Chomhthráthach
Cáilíocht a nascann an staidéar a dhéantar ar ábhar amháin nó níos mó le staidéar gairmiúil, bonnstaidéar agus socrúchán scoile a bhaineann le hoiliúint múinteoirí.

### Creidiúintí ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna)
Is córas é Creidiúintí ECTS atá dírithe ar ualach oibre an mhic léinn atá de dhíth chun cuspóirí cláir staidéir a bhaint amach. Tá sé bunaithe ar an bprionsabal go mbíonn 60 creidiúint ECTS i gceist le hualach oibre an mhic léinn lánaimseartha le linn bliana acadúla amháin.

### Iar-bhunscoil
Baineann sí le hoideachas dara leibhéal in Éirinn a bhaineann leo siúd atá 12-18 mbliana d'aois. Cuirtear síos ar seo mar mhúinteoireacht mheánscoile chomh maith.

### Rialacháin maidir le Clárú
Rialacháin foilsithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta i gcomhréir le hAlt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, a leagann amach na riachtanais a bhaineann le clárú mar mhúinteoir in Éirinn. Seans go leasóidh nó go ndéanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta uasdátú ar na rialacháin seo ó am go chéile.

# Ábhar

**Réamhrá** **2**

Cuntasaíocht 3

Eolaíocht Talmhaíochta 4

Sean-Ghréigis 5

Matamaitic Fheidhmeach 6

Ealaín (Ceardaíocht san áireamh) 7

Bitheolaíocht 8

Gnó 9

Ceimic 10

Staidéar Clasaiceach 11

Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe 12

Ríomheolaíocht 13

Staidéar Foirgníochta 14

Teangacha Curaclaim (Araibis, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Seapáinis, Liotuáinis, Mandairínis, Polainnis, Portaingéilis, Rúisis, Spáinnis) 15

Léann na hAmharclannaíochta, na Scannánaíochta agus na Drámaíochta 16

Grafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC) 17

Eacnamaíocht 18

Innealtóireacht 19

Béarla 20

Gaeilge 21

Tíreolaíocht 22

Staidéar Eabhrach 23

Stair 24

Eacnamaíocht Bhaile 25

Laidin 26

Matamaitic 27

Ceol 28

Corpoideachas 29

Fisic 30

Fisic agus Ceimic 31

Polaitíocht agus an tSochaí 32

Oideachas Reiligiúnach 33

Teicneolaíocht 34

# Réamhrá

***Leagtar amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) 2015 na riachtanais a bhaineann le clárú mar mhúinteoir in Éirinn, mar a fhoráiltear in Alt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001.***

Baineann an cháipéis seo leis na riachtanais don mhúinteoireacht iar-bhunscoile, mar a leagtar amach i Rialachán Ceathair de na Rialacháin, agus leagtar amach inti an dá phríomhbhealach le clárú. Is iad seo:

1. Bunchéim a bhaint amach a ligeann don sealbhóir **ábhar curaclaim ceadaithe** amháin ar a laghad a mhúineadh AGUS clár iarchéime a bhaint amach san oiliúint tosaigh múinteoirí (cosúil leis an Máistreacht Ghairmiúil san Oideachais (MGO)) dírithe ar an aoisraon iar-bhunscoile (12-18 mbliana d'aois de ghnáth)

**NÓ**

2. Cáilíocht chomhthráthach san oiliúint tosaigh múinteoirí iar-bhunscoile a bhaint amach, a nascann staidéar ar cheann amháin nó níos mó de na **hábhair churaclaim cheadaithe** le staidéar a bhaineann le hoiliúint múinteoirí a chuimsíonn staidéar gairmiúil, bonnstaidéar agus socrúchán scoile, dírithe ar an aoisraon iar-bhunscoile (12-18 mbliana d'aois de ghnáth).

Leagtar amach sa cháipéis seo na riachtanais do gach **ábhar curaclaim ceadaithe** a dtagraítear dóibh ar 1 agus 2 thuas. Is féidir na riachtanais seo, atá daingnithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus seolta chuig an Aire Oideachais & Óige i gcomhréir leis an Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001, a chomhlíonadh ach staidéar fochéime a dhéanamh sula gcuirtear cáilíocht oiliúna múinteoirí iarchéime i gcrích, m.sh., an MGO a luaitear ar 1 thuas, nó staidéar a dhéanamh atá ina chuid de chlár comhthráthach a bhaineann le hoiliúint tosaigh múinteoirí – mar a chuirtear síos ar 2 thuas.

Beidh na critéir ábhar iar-bhunscoile a leagtar amach sa cháipéis seo bailí chun críocha clárúcháin ón **5 Eanáir 2026** don dá bhealach clárúcháin a luaitear ar 1 agus 2 thuas. Bainfidh siad chomh maith le hiarrthóirí atá ag clárú lasmuigh d'Éirinn i ndiaidh an dáta seo.

Tá ábhair churaclaim nua, Léann na hAmharclannaíochta, na Scannánaíochta agus na Drámaíochta agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe san áireamh sa cháipéis seo agus beidh siad i bhfeidhm chun críocha clárúcháin ó 5 Eanáir 2026.

**<u>Baineann riachtanais chaighdeánacha le gach ábhar curaclaim:</u>**

- Cuimsíonn íostoradh le pas, pas a fháil trí chúiteamh.
- Múineadh an churaclaim ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile mar atá ceadaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna, agus mar atá foilsithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).
- Ní mór go mbeadh clár oiliúna tosaigh múinteoirí iar-bhunscoile (aoisraon 12-18 mbliana d'aois) déanta ag iarrthóirí, lena mbaineann íoschreidiúintí 120 ECTS (nó comhionann).
- Ní mór fianaise a bheith ann ar 60 creidiúint ECTS de staidéar sonrach i ngach ábhar curaclaim. Ní fhéadfar na 60 creidiúint ECTS a bhaineann le staidéar sonrach ar ábhar curaclaim a tharraingt ó staidéir ná ó chreidiúintí ECTS i gcomhpháirteanna oideachais tosaigh múinteoirí de chláir chomhthráthacha nó leanúnacha oideachais tosaigh múinteoirí atá creidiúnaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Féadfaidh iarrthóirí a thosaigh clár oiliúna tosaigh múinteoirí roimh an 01/09/2014, lena mbaineann níos lú ná 120 ECTS, díolúine a fháil ón riachtanas seo le cead na Comhairle.
- Chun na riachtanais a leagtar amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir **gach** critéir a bhaineann leis an ábhar curaclaim luaite a bhaint amach.

# Cuntasaíocht

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Cuntasaíocht gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an gCuntasaíocht suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Cuntasaíocht.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Cuntasaíochta).

**2.** Ní mór don staidéar ar an gCuntasaíocht, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas Cuntasaíocht a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

**Réimsí riachtanacha**

a) Cuntasaíocht Airgeadais

b) Cuntasaíocht Bhainistíochta

Féadfaidh na creidiúintí ECTS atá fágtha teacht ó na réimsí seo a leanas, nó a gcomhionann:

**Réimsí roghnacha**

c) Dlí na gCuideachtaí

d) Creat Coincheapúil agus Rialála na Cuntasaíochta

e) Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide sa Chuntasaíocht

f) Réimsí staidéar cuntasaíochta eile, mar shampla, an chuntasaíocht fhóiréinseach

# Eolaíocht Talmhaíochta

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Eolaíocht Talmhaíochta gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Eolaíocht Talmhaíochta suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le hEolaíocht Talmhaíochta.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na hEolaíochta Talmhaíochta).

**2.** Ní mór don staidéar ar an Eolaíocht Talmhaíochta, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Eolaíocht Talmhaíochta a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

**Réimsí riachtanacha**

a) Eolaíocht Táirgthe Barr

b) Eolaíocht Táirgthe Ainmhithe

Féadfaidh na creidiúintí ECTS atá fágtha teacht ó na réimsí seo a leanas, nó a gcomhionann:

**Réimsí roghnacha**

c) Eolaíochtaí Tacaíochta i ndisciplíní na Bitheolaíochta Plandaí agus na Bitheolaíochta Ainmhithe

d) Ithireolaíochtaí/eolaíochtaí geolaíocha

e) Eolaíochtaí comhshaoil

f) Géineolaíocht

g) An Bhithcheimic/Chillbhitheolaíocht/Bhitheolaíocht Mhóilíneach

h) Micribhitheolaíocht

i) Éiceolaíocht

j) Réimsí staidéir eile cosúil leis an inbhuanaitheacht, bithéagsúlacht, talmhaíocht orgánach, clíomeolaíocht agus athrú aeráide

**3.** Ní mór don iarrthóir obair saotharlainne/phraiticiúil a dhéanamh mar chuid den chéim.

# Sean-Ghréigis

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Sean-Ghréigis gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an tSean-Ghréigis suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann leis an tSean-Ghréigis.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Sean-Ghréigise agus 10 gcreidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint lena staidéar sa tríú bliain nó ina dhiaidh sin (nó comhionann modúlach).

**2.** Ní mór don staidéar ar an tSean-Ghréigis a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas Sean-Ghréigis a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Teanga na Sean-Ghréigise, Staidéar na Gramadaí agus na Comhréire san áireamh

b) Stair na Sean-Ghréige

c) Ealaín agus Litríocht na Sean-Ghréige

# Matamaitic Fheidhmeach

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Matamaitic Fheidhmeach gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Matamaitic Fheidhmeach suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Matamaitic Fheidhmeach.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Matamaitice Feidhmí).

**2.** Ní mór don staidéar ar an Matamaitic Fheidhmeach, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Matamaitic Fheidhmeach a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

**Réimsí riachtanacha**

a) Meicnic

b) Matamaitic Scoite

c) Teoiric Dhifreálach agus Graftheoiric

d) Geoiméadracht

e) Anailís

f) Ailgéabar

Féadfaidh na creidiúintí ECTS atá fágtha teacht ó na réimsí seo a leanas:

**Réimsí roghnacha**

g) Córais Dhinimiciúla agus Anord

h) Anailís Uimhriúil nó Matamaitic Ríomhaireachta nó Samhaltú Ríomhaireachta

i) Stair nó Fealsúnacht na Matamaitice Feidhmí, na Meicnice, na Matamaitice nó na hEolaíochta

j) Samhaltú Mhatamaiticiúil

k) Bitheolaíocht Mhatamaiticiúil

l) Matamaitic an Airgeadais

m) Dinimic Daonra

n) Samhaltú Comhshaoil

o) Dóchúlacht agus Staitisticí

p) Taighde oibríochtaí

# Ealaín (Ceardaíocht san áireamh)

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Ealaín (Ceardaíocht san áireamh) gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht céime a bheith acu, le staidéar déanta acu ar an Ealaín (agus Ceardaíocht) suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhréir modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le hEalaín (Ceardaíocht san áireamh).

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na hEalaíne (Ceardaíocht san áireamh)).

**2.** Ní mór don staidéar ar an Ealaín (Ceardaíocht san áireamh), le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Ealaín (Ceardaíocht san áireamh) a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Tarraingt, Staidéar Físiúil 2T agus 3T san Ealaín/Ceardaíocht/Dearadh

b) Na Meáin

c) Stair Ealaíne/Dearaidh agus Staidéar Criticiúil/Staidéar Físiúil Cultúrtha

**3.** Ní mór ábhar an chúrsa agus an obair phraiticiúil a bheith san áireamh sa cháilíocht.

# Bitheolaíocht

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Bitheolaíocht gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an mBitheolaíocht suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Bitheolaíocht.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Bitheolaíochta).

**2.** Ní mór don staidéar ar an mBitheolaíocht, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Bitheolaíocht a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don chéim staidéar **ar cheithre cinn ar a laghad** de na réimsí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Luibheolaíocht

b) Anatamaíocht/Fiseolaíocht na bPlandaí

c) Éiceolaíocht

d) Micribhitheolaíocht

e) Zó-eolaíocht

f) Anatamaíocht/Fiseolaíocht na Mamach

g) Bithcheimic

h) Géineolaíocht

**3.** Ní mór don iarrthóir obair saotharlainne/phraiticiúil a dhéanamh mar chuid den chéim.

# Gnó

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Gnó gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an nGnó suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Gnó.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar an Ghnó).

**2.** Ní mór don staidéar ar an nGnó, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Gnó a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don chéim staidéar **ar chúig cinn ar a laghad** de na réimsí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Iompar Eagraíochtúil

b) Nuálaíocht Ghnó/Fiontar agus Fiontraíocht

c) Bainistíocht

d) Timpeallacht Ghnó

e) Bainistíocht Acmhainní Daonna

f) Margaíocht

g) Dlí Gnó

h) Cuntasaíocht/Airgeadas nó Eacnamaíocht

# Ceimic

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Ceimic gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an gCeimic suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Ceimic.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Ceimice).

**2.** Ní mór don staidéar ar an gCeimic, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Ceimic a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

**Réimsí riachtanacha**

a) Ceimic Orgánach

b) Ceimic Neamhorgánach

c) Ceimic Fhisiciúil

Féadfaidh na creidiúintí ECTS atá fágtha teacht ó na réimsí seo a leanas:

**Réimsí roghnacha**

d) Ceimic Anailíseach

e) Ceimic Chomhshaoil

f) Ceimic Chógaisíochta/Bhithchógaisíochta

g) Ceimic Thionsclaíoch

**3.** Ní mór don iarrthóir obair saotharlainne/phraiticiúil a dhéanamh mar chuid den chéim.

# Staidéar Clasaiceach

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Staidéar Clasaiceach gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

1. (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an tSean-Ghréigis **agus/nó** Laidin **agus/nó** Sibhialtacht na Sean-Ghréige agus na Sean-Róimhe nó Sibhialtacht Chlasaiceach suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

   (b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Staidéar Clasaiceach.

   (c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar an Staidéir Chlasaicigh agus 10 gcreidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint lena staidéar sa tríú bliain nó ina dhiaidh sin (nó comhionann modúlach)).

2. Ní mór don staidéar ar an Staidéar Clasaiceach, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas Staidéar Clasaiceach a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

   Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

   a) Litríocht na Sean-Ghréigise agus/nó na Laidine le béim faoi leith ar an Litríocht Chlasaiceach

   b) Stair Ghréagach agus Rómhánach na Ré Clasaicí

   c) Na príomhréimsí de Shibhialtacht na Gréige agus na Róimhe, m.sh., réimse stairiúil, litearthachta, aeistéitiúil, drámatúil agus sóisialta

# Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta [Clárú] a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

1. (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó coibhéis modúlach).

   (b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe.

   (c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó a chomhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó a chomhionann) ag baint le staidéar sonrach ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe.

2. Ní mór don staidéar ar an nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

   Ní mór don cháilíocht staidéar ar mhodúil sna réimsí seo a leanas go léir a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

   **Réimsí Riachtanacha**

   a) Tíreolaíocht Fhisiceach

   b) Tíreolaíocht Dhaonna

   c) Gníomhú ar son na hAeráide

   d) Inbhuanaitheacht

   Féadfaidh na creidiúintí ECTS atá fágtha teacht ó na réimsí seo a leanas nó a gcomhionann:

   **Réimsí Roghnacha**

   e) Athrú Aeráide

   f) Forbairt Inbhuanaithe

   g) Comhshaol

   h) Córais an Domhain / Éiceachórais dhomhanda

   i) Éiceolaíocht

   j) Socheolaíocht

   k) Eacnamaíocht

   l) Na Meán/Cumarsáid/Teicneolaíocht

   m) Ceartas Sóisialta

   n) Rannpháirtíocht an phobail

   o) Oideachas na Saoránachta Domhanda

   p) Oideachas san fhorbairt

   q) Eolaíocht pholaitiúil

# Ríomheolaíocht

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Ríomheolaíocht gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Ríomheolaíocht suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Ríomheolaíocht.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Ríomheolaíochta).

**2.** Ní mór don staidéar ar an Ríomheolaíocht, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Ríomheolaíocht a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar mhodúil sna réimsí seo a leanas go léir a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

**Réimsí riachtanacha**[1]

a) Innealtóireacht Bogearraí agus Bainistíocht Tionscadal (a chuimsíonn innealtóireacht bogearraí agus anailís ar chórais forbartha, próiseas dearaidh agus tástáil uaireanta)

b) Ríomhchlárú (algartaim agus struchtúir sonraí san áireamh)

c) Ríomhchórais (crua-earraí nó ailtireacht san áireamh)

Ní mór don staidéar **dhá cheann ar a laghad** de na réimsí seo a leanas a chuimsiú chomh maith:

**Réimsí roghnacha**

d) Forbairt Gréasáin

e) Forbairt beochana/cluichí/ilmheán

f) Forbairt aipeanna

g) Róbataic

h) Córais neadaithe

i) Samhaltú/ionsamhlú

j) Anailís shonraí

k) Bunachair shonraí

l) Meaisínfhoghlaim/Intleacht shaorga

**3.** Ní mór don iarrthóir obair phraiticiúil a dhéanamh le linn na céime (e.g. tascanna ríomhchláraithe).

[1]Glactar leis go mbeidh tionchar sochaíoch na dteicneolaíochtaí ríomhaireachta mar bhonn faoi na réimsí go léir.

# Staidéar Foirgníochta

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Staidéar Foirgníochta gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Staidéar Foirgníochta suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Staidéar Foirgníochta.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar an Staidéir Foirgníochta).

**2.** Ní mór don staidéar ar an Staidéar Foirgníochta, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas Staidéir Foirgníochta a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Sláinte agus Sábháilteacht[1]
b) An Timpeallacht Thógtha[2]
c) Teicneolaíocht Foirgníochta[3]
d) Seirbhísí Tógála agus Teicneolaíochtaí Comhshaoil[4]
e) Teicneolaíocht agus Próiseáil Ábhar (Adhmad agus Ábhair eile)[5]
f) Dearadh agus Fíorú[6]

[1]Ní mór na rudaí seo a leanas a bheith curtha san áireamh: forbairt eolais agus scileanna maidir le guaiseacha a aithint, riosca a mheas agus bainistíocht shábháilte na timpeallachta scoile/oibre.

[2]Ní mór dó seo an gaol idir gnéithe ailtireachta agus an comhshaol a phlé ó thaobh na staire agus na laethanta atá inniu ann. Ní mór staidéar ar fhuinneamh agus acmhainní nádúrtha atá oiriúnach d'fhorbairt inbhuanaithe tithíochta a bheith curtha san áireamh freisin.

[3]Ní mór béim shuntasach a bheith curtha ar staidéar ar mhodhanna agus cleachtais foirgníochta a bhaineann le haonaid chónaithe.

[4]Ní mór tuiscint ar ghiniúint chumhachta agus córais rialaithe a bhaineann le haonaid chónaithe a bheith curtha san áireamh.

[5]Ní mór forbairt scileanna agus dea-chleachtas i bpróiseáil shábháilte an adhmaid agus ábhar eile a bheith curtha san áireamh. Ba chóir béim faoi leith a bheith curtha ar airíonna, feidhmíocht agus riachtanais phróiseála ábhar. Ba chóir go mbeadh an Déantúsaíocht Ríomhchuidithe curtha san áireamh.

[6]Ní mór na rudaí seo a leanas a bheith curtha san áireamh: forbairt eolais agus scileanna maidir le dearadh agus fíorú táirgí/déantúsán agus/nó córas, a éilíonn fiosrú agus cur i bhfeidhm an eolais ar phríomhphrionsabail atá oiriúnach don chomhthéacs.

# Teangacha Curaclaim (Araibis, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Seapáinis, Liotuáinis, Mandairínis, Polainnis, Portaingéilis, Rúisis, Spáinnis)

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Sainteangacha Curaclaim gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar na sainteangacha curaclaim suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le sainteanga curaclaim.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na sainteanga curaclaim).

**2.** Ní mór don staidéar ar an tsainteanga curaclaim, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht sainteanga curaclaim a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

- scileanna teanga[1]
- staidéar ar théacsanna[2]

**3. Inniúlacht Teanga**

Ní mór do gach iarrthóir fianaise a chur ar fáil a léiríonn cumas sa teanga. Is féidir an méid seo a:

a) léiriú le híosleibhéal B2.2 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (nó comhionann) a bhaint amach ón institiúid ardoideachais a bhronn an cháilíocht ort.

b) seachas sin, is féidir le hiarrthóirí deimhniú a chur ar fáil de leibhéal B2.2 a bhaint amach ar scrúdú teanga neamhspleách.

**4. Eispéireas Tumoideachais**

Sula gcríochnaíonn siad a n-oiliúint múinteoirí, ní mór d'iarrthóirí fianaise infhíoraithe dá eispéireas tumoideachasúil sa teanga curaclaim, de cheithre seachtaine ar a laghad, a chur ar fáil.

Is féidir é seo a dhéanamh in dhá bhloc, agus gach bloc dhá sheachtain fada ar a laghad. Ní mór do cheann amháin de na bloic seo bheith i suíomh ina bhfuil an teanga mar phríomhtheanga an phobail sa réigiún/tír.

Ní mór ceann amháin de na rudaí seo a leanas a bheith i gceist leis an eispéireas tumoideachasúil/na heispéiris thumoideachasúla:

a) ag freastal ar chúrsa teanga

b) a bheith ag obair mar bhall foirne i suíomh oideachasúil

c) tionscadval taighde gníomhaíochta a dhéanamh a bhfuil baint aige lena staidéar

d) múinteoireachta maidir le Socrúchán Scoile.

---

[1]Léitheoireacht, toradh labhartha, caidreamh labhartha, éisteacht agus scríbhneoireacht.

[2]Tagraíonn téacsanna do gach toradh teanga, téacsanna cluastuisceana, labhartha, scríofa agus digiteacha san áireamh.

# Grafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC)

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Grafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC) gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an nGrafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC) suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Grafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC).

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Grafaice Deartha agus Cumarsáide (GDC).

**2.** Ní mór don staidéar ar an nGrafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC), le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Grafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC) a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Feidhm a bhaint as Geoiméadracht Phlánach agus Thuairisciúil[1]

b) Grafaic Fheidhmeach[2]

c) Cumarsáid Dheartha[3]

d) Dearadh Ríomhchuidithe[4]

[1]Seans go gcuimseoidh sé seo córais theilgeacha.

[2]Seans go gcuimseoidh sé seo Meicníochtaí Dinimiciúla, Foirmeacha Struchtúrtha, Geoiméadracht Gheolaíoch nó Geoiméadracht Dhromchla.

[3]Seans go gcuimseoidh sé seo Léiriú Grafach agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide.

[4]Seans go gcuimseoidh an méid seo Líníocht Chóimeála.

# Léann na hAmharclannaíochta, na Scannánaíochta agus na Drámaíochta

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta [Clárú] a chomhlíonadh maidir le hábhar curaclaim Léann na hAmharclannaíochta, na Scannánaíochta agus na Drámaíochta, gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Léann Dráma/ Amharclannaíochta **agus** an Staidéar Scannánaíochta/na Meáin suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Léann na hAmharclannaíochta, na Scannánaíochta agus na Drámaíochtas.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le sainstaidéar Léann na hAmharclannaíochta, na Scannánaíochta agus na Drámaíochta.

**2.** Ní mór don staidéar ar Léann na hAmharclannaíochta, na Scannánaíochta agus na Drámaíochta le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun siollabas/sonraíocht Léann na hAmharclannaíochta, na Scannánaíochta agus na Drámaíochta a mhúineadh go dtí an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar mhodúil sna réimsí seo a leanas go léir a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

**Réimsí riachtanacha**

a) Cleachtas Cruthaitheach (D'fhéadfadh sé go mbeadh léiriú, stiúradh, soilsiú, aisteoireacht, scríbhneoireacht scripte, dearadh san áireamh)

b) Stair na Scannánaíochta/hAmharclannaíochta

Féadfaidh na creidiúintí ECTS atá fágtha teacht ó na réimsí seo a leanas nó a gcomhionann:

**Réimsí roghnacha**

c) Cleachtadh Feidhmíochta

d) Radharcagrafaíocht

e) Meáin Dhigiteacha

f) Staidéar Amharclannaíochta/Scannánaíochta

**3.** Ní mór go gcuimsítear obair chúrsa phraiticiúil leis an gcáilíocht i ngach réimse seachas Stair Scannáin/ Amharclannaíochta.

# Eacnamaíocht

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Eacnamaíocht gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

1. (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Eacnamaíocht suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

   (b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le hEacnamaíocht.

   (c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na hEacnamaíochta).

2. Ní mór don staidéar ar an Eacnamaíocht, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Eacnamaíocht a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

   Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

   **Réimsí riachtanacha**

   a) Maicreacnamaíocht

   b) Micreacnamaíocht

   Féadfaidh na creidiúintí ECTS atá fágtha teacht ó na réimsí seo a leanas nó a chomhionann:

   **Réimse roghnach**

   c) Modhanna Cainníochtúla

# Innealtóireacht

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Innealtóireacht gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Innealtóireacht suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le hInnealtóireacht.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na hInnealtóireachta).

**2.** Ní mór don staidéar ar an Innealtóireachta, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Innealtóireacht a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Sláinte agus Sábháilteacht[1]

b) Dearadh agus Fíorú Táirgí[2]

c) Teicneolaíocht agus Próiseáil Ábhar[3]

d) Cumhacht, Fuinneamh agus Rialú[4]

e) Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (mar is infheidhme don Innealtóireacht)

f) Córais Struchtúrtha agus Mheicniúla.

[1]Ní mór na rudaí seo a leanas a bheith curtha san áireamh: forbairt eolais agus scileanna maidir le guaiseacha a aithint, riosca a mheas agus bainistíocht shábháilte na timpeallachta scoile/oibre.

[2]Ní mór na rudaí seo a leanas a bheith curtha san áireamh: obair le dearadh agus fíorú déantúsán chun comhtháthú teicneolaíochtaí meascstha, agus úsáid teicnící cumarsáide grafaice agus an Dearaidh Ríomhchuidithe, a chuimsiú.

[3]Ní mór forbairt scileanna agus dea-chleachtais i bpróiseáil shábháilte ábhar éagsúil a bheith curtha san áireamh. Ba chóir béim faoi leith a bheith curtha ar airíonna, feidhmíocht agus riachtanais phróiseála ábhar. Ba chóir go mbeadh staidéar ar an Déantúsaíocht Ríomhchuidithe curtha san áireamh.

[4]Ní mór na rudaí seo a leanas a bheith curtha san áireamh: obair le córais rialaithe a úsáideann rialú leictreonach, neomatach agus ríomhaire.

# Béarla

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Béarla gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an mBéarla suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Béarla.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar an Bhéarla).

**2.** Ní mór don staidéar ar an mBéarla, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Béarla a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don chéim staidéar ar gach ceann de na réimsí seo a leanas trí mheán an Bhéarla a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

**Réimsí riachtanacha**

a) Drámaíocht

b) Filíocht

c) Ficsean

Féadfaidh na creidiúintí ECTS atá fágtha teacht ó na réimsí seo a leanas:

**Réimsí roghnacha**

d) Cumadóireacht agus Scileanna Scríbhneoireachta

e) Scannánaíocht

f) Drámaíocht

g) Staidéar ar na Meáin

**3. Inniúlacht Teanga**

Ní mór do gach iarrthóir fianaise a chur ar fáil a léiríonn cumas sa teanga. Is féidir an méid seo ag:

a) iarrthóirí a bhfuil an Béarla mar theanga dhúchais acu.

**nó**

b) le híosleibhéal B2.2 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (nó comhionann) a bhaint amach ón institiúid ardoideachais a bhronn an cháilíocht ort.

**nó**

c) seachas sin, is féidir le hiarrthóirí deimhniú a chur ar fáil de leibhéal B2.2 a bhaint amach ar scrúdú teanga neamhspleách.

# Gaeilge

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Gaeilge gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an nGaeilge suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Gaeilge.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Gaeilge).

**2.** Ní mór don staidéar ar an nGaeilge, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Gaeilge a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Scileanna teanga[1]

b) Staidéar ar théacsanna[2]

**3. Inniúlacht Teanga**

Ní mór do gach iarrthóir fianaise a chur ar fáil a léiríonn cumas sa teanga. Is féidir an méid seo a:

a) iarrthóirí a bhfuil an Ghaeilge mar theanga dhúchais acu.

**nó**

b) le híosleibhéal B2.2 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (nó comhionann) a bhaint amach ón institiúid ardoideachais a bhronn an cháilíocht ort.

**nó**

c) seachas sin, is féidir le hiarrthóirí deimhniú a chur ar fáil de leibhéal B2.2 a bhaint amach ar scrúdú teanga neamhspleách.

**4. Eispéireas Tumoideachais**

Sula gcríochnaíonn siad a n-oiliúint múinteoirí, ní mór d'iarrthóirí fianaise infhíoraithe dá eispéireas tumoideachasúil sa Ghaeilge, de cheithre seachtaine ar a laghad, a chur ar fáil.

Is féidir é seo a dhéanamh in dhá bhloc, agus gach bloc dhá sheachtain fada ar a laghad. Ní mór do cheann amháin ar a laghad de na bloic seo bheith i suíomh Gaeltachta, le rogha chun an bloc eile a dhéanamh I suíomh lán-Ghaeilge.

Ní mór ceann amháin de na rudaí seo a leanas a bheith i gceist leis an eispéireas tumoideachasúil/na heispéiris thumoideachasúla:

a) freastal ar chúrsa Gaeilge

b) a bheith ag obair mar bhall foirne i suíomh oideachasúil sa Ghaeltacht

c) tionscadal taighde gníomhaíochta a dhéanamh a bhfuil baint aige lena staidéar

d) múinteoireachta maidir le Socrúchán Scoile.

[1] Léitheoireacht, toradh labhartha, caidreamh labhartha, éisteacht agus scríbhneoireacht.

[2] Tagraíonn téacsanna do gach toradh teanga, téacsanna cluastuisceana, labhartha, scríofa agus digiteacha san áireamh.

# Tíreolaíocht

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Tíreolaíocht gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Tíreolaíocht suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Tíreolaíocht.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Tíreolaíochta).

**2.** Ní mór don staidéar ar an Tíreolaíocht, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht *Tíreolaíocht* a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Tíreolaíocht Fhisiceach

b) Tíreolaíocht Dhaonna

# Staidéar Eabhrach

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Staidéar Eabhrach gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Staidéar Eabhrach suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Staidéar Eabhrach.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar an Staidéir Eabhrach).

**2.** Ní mór don staidéar ar an Staidéar Eabhrach, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Staidéar Eabhrach a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) An Eabhrais Chlasaiceach

b) Stair an Phobail Eabhraigh

c) Bíobla Eabhraise

d) An Mishnah

# Stair

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Stair gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

1. (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Stair suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

   (b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Stair.

   (c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Staire).

2. Ní mór don staidéar ar an Stair, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Stair a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

3. Ní mór don chéim staidéar ar Stair na hÉireann a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo.

# Eacnamaíocht Bhaile

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Eacnamaíocht Bhaile gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Eacnamaíocht Bhaile suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le hEacnamaíocht Bhaile.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na hEacnamaíochta Baile).

**2.** Ní mór don staidéar ar an Eacnamaíocht Bhaile, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Eacnamaíocht Bhaile a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór staidéar a dhéanamh ar gach ceann de na comhpháirteanna gaolmhara seo a leanas den Eacnamaíocht Bhaile, agus ar an mbaint atá acu leis an duine aonair, an chlann agus an tsochaí, mar phríomhchuid den chúrsa céime, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Staidéar an Bhia (nascadh na teoirice agus an chleachtais san áireamh)

b) Teicstílí, Dearadh Faisin agus Dearadh Baile (foirgníocht éadaí agus obair cheardlainne phraiticiúil san áireamh)

c) Bainistíocht Acmhainní Teaghlaigh agus Staidéar Sóisialta (Staidéar Eacnamaíochta Baile agus staidéar tomhaltóra san áireamh)

**3.** Ní mór don chéim obair chúrsa agus obair phraiticiúil sna réimsí thuasluaite a chuimsiú.

# Laidin

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Laidin gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Laidin suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Laidin.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Laidine agus 10 gcreidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint lena staidéar sa tríú bliain nó ina dhiaidh sin (nó comhionann modúlach)).

**2.** Ní mór don staidéar ar an Laidin, le linn na céime, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas Laidin a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar mhodúil sna réimsí seo a leanas go léir a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Teanga na Laidine, Staidéar na Gramadaí agus na Comhréire san áireamh

b) Stair na Róimhe sa Ré Clasaiceach, m.sh., Poblacht agus Luath-Impireacht

c) Ealaín agus Litríocht na Róimhe

# Matamaitic

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Matamaitic gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Matamaitic suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Matamaitic.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Matamaitice).

**2.** Ní mór don staidéar ar Mhatamaitic, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Matamaitic a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar mhodúil sna réimsí seo a leanas go léir a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

**Réimsí riachtanacha**

a) Anailís (ní mór modúl nó modúil sa chalcalas ilathraitheach a bheith curtha san áireamh)

b) Ailgéabar (ní mór modúl nó modúil san Ailgéabar líneach a bheith curtha san áireamh)

c) Geoiméadracht (ní mór modúl nó modúil i Geoiméadracht Eoiclídeach agus Neamheoiclídeach a bheith curtha san áireamh)

d) Dóchúlacht

e) Staitisticí (ní mór modúl nó modúil in Infeireas Staitistiúil a bheith curtha san áireamh)

Féadfaidh na creidiúintí atá fágtha a bheith in aon cheann de na réimsí riachtanacha thuasluaite, nó féadfar iad a thógáil ó na réimsí roghnacha seo a leanas:

**Réimsí roghnacha**

f) Córais Dhinimiciúla agus Anord

g) Calcalas na n-Athrúchán

h) Anailís Uimhriúil nó Matamaitic Ríomhaireachta

i) Samhaltú Mhatamaiticiúil

j) Matamaitic Scoite

k) Stair nó Fealsúnacht na Matamaitice

l) Loighic na Matamaitice

m) Tacartheoiric agus Bunuimhreacht

# Ceol

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Ceol gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an gCeol suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Ceol.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar an Cheoil).

**2.** Ní mór don staidéar ar an gCeol, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Ceol a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Léiriú Ceoil

b) Armóin agus Cuntraphointe

c) Cumadóireacht

d) Scileanna Cluastuisceana, Bunscileanna Méarchláir agus Scileanna Theicneolaíocht an Cheoil

e) Ceol Ealaíne an Iarthair

f) Ceol Traidisiúnta na hÉireann

**3.** Ní mór don cháilíocht obair chúrsa agus obair phraiticiúil sna réimsí thuasluaite a) go dtí d) a chuimsiú.

# Corpoideachas

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Corpoideachas gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an gCorpoideachas suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Corpoideachas.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar an Chorpoideachais).

**2.** Ní mór don staidéar ar an gCorpoideachas, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Corpoideachas a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile. Is féidir siollabas/sonraíocht an Chorpoideachais a fháil ag an nasc seo a leanas https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/. Ní mór doimhneacht agus fairsinge na staidéir chun an siollabas/sonraíocht a mhúineadh a bheith soiléir. Táthar ag súil go mbeidh an sealbhóir in ann fianaise a léiriú ar rannpháirtíocht fhisiciúil in obair chúrs aábhartha.

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

**A**

1. Gníomhaíochtaí eachtraíochta
2. Gníomhaíochtaí aeistéitiúla agus léiritheachta
3. Gníomhaíochtaí luthchleasaíochta
4. Gníomhaíochtaí iomaíocha
5. Gníomhaíochtaí folláine agus sláinte
6. Eolas teicniúil ar spórt agus aclaíocht Samhlacha
7. Curaclaim don spórt agus don ghníomhaíocht coirp
8. Gníomhaíochtaí san uisce

Ní mór don cháilíocht staidéar ar réimse **amháin ó B agus réimse amháin ó C** a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

**B**

1. Foghlaim agus Forbairt na Luaile
2. Cothú agus fiseolaíocht don tsláinte agus don fheidhmíocht
3. Síceolaíocht an Spóirt agus na hAclaíochta
4. Gníomhaíocht Coirp agus Cuimsiú

**C**

1. Polasaí agus Soláthar sa Ghníomhaíocht Coirp agus Spórt
2. Dearcthaí Socheolaíocha na Gníomhaíochta Coirp agus an Spóirt
3. Folláine agus Sláinte a Chur Chun Cinn
4. Teoiric agus feidhmiú chláir na gníomhaíochta coirp don tsláinte, don aclaíocht agus don feidhmíocht

# Fisic

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Fisic gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

1. (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an bhFisic suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

   (b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Fisic.

   (c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Fisice).

2. Ní mór don staidéar ar an bhFisic, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Fisic a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

   Ní mór don cháilíocht staidéar ar **chúig cinn ar a laghad** de na réimsí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

   a) Meicnic

   b) Meicnic Chandamach

   c) Airíonna Ábhair

   d) Ascaluithe, Tonnta, Fuaimeolaíocht

   e) Teirmidinimic

   f) Solas agus optaic

   g) Sruthleictreachas

   h) Leictreamaighnéadas

   i) Leictreonaic

   j) Fisic Ábhair Chomhdhlúite/Fisic Sholadstaide

   k) Gaolmhaireacht

   l) Fisic Cáithníní

   m) Topaic san Ardfhisic nó i bhFisic Fheidhmeach

   n) Réalteolaíocht

3. Ní mór don iarrthóir obair saotharlainne/phraiticiúil a dhéanamh mar chuid den cháilíocht.

# Fisic agus Ceimic

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Fisic agus Ceimic gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

***Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach ionann na riachtanais chlárúcháin a chomhlíonadh don ábhar curaclaim Fisic agus Ceimic (siollabas cuimsithe) agus na riachtanais chlárúcháin a chomhlíonadh do na hábhair ar leith Fisic agus Ceimic.***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an bhFisic agus Ceimic suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Fisic agus Ceimic.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Fisice agus Ceimice).

**2.** Ní mór don staidéar ar an bhFisic agus Ceimic, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Fisic agus Ceimic a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo, ní mór don cháilíocht staidéar ar **cheithre** cinn ar a laghad de na réimsí Fisice seo a leanas agus **dhá** cheann ar a laghad de na réimsí Ceimice seo a leanas:

**Réimsí fisice**

a) Meicnic

b) Meicnic Chandamach

c) Ascaluithe, Tonnta, Fuaimeolaíocht

d) Teirmidinimic

e) Solas agus optaic

f) Leictreamaighnéadas

g) Fisic Cáithníní

**Réimsí ceimice**

h) Ceimic Orgánach

i) Ceimic Neamhorgánach

j) Ceimic Fhisiciúil

**3.** Ní mór don iarrthóir obair saotharlainne/phraiticiúil a dhéanamh mar chuid den cháilíocht.

# Polaitíocht agus an tSochaí

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Polaitíocht agus an tSochaí gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

1. (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, mar aon le Polaitíocht/Eolaíocht Pholaitiúil nó Socheolaíocht, **nó meascán** de **thrí** cinn ar a laghad de na réimsí seo a leanas: Polaitíocht/Eolaíocht Pholaitiúil, Socheolaíocht, Antraipeolaíocht, Dlí, Staidéar Eorpach, Riarachán Poiblí, Rialtas, Forbairt, Staidéar ar na Meáin, Eacnamaíocht, Stair, Tíreolaíocht, Caidreamh Idirnáisiúnta nó Fealsúnacht, agus 60 creidiúint ECTS ar a laghad nó comhionann ag gabháil leo.

   (b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) ag gabháil léi.

   (c) Ní mór go mbeadh clár oiliúna tosaigh múinteoirí iar-bhunscoile (aoisraon 12-18 mbliana d'aois) déanta ag iarrthóirí, lena mbaineann íoschreidiúintí 120 ECTS (nó comhionann).

2. Ní mór don staidéar ar an bPolaitíocht agus an tSochaí, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Polaitíocht agus an tSochaí a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

# Oideachas Reiligiúnach

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Oideachas Reiligiúnach gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Oideachas Reiligiúnach suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le hOideachas Reiligiúnach.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar an Oideachais Reiligiúnaigh).

**2.** Ní mór don staidéar ar an Oideachas Reiligiúnach, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Oideachas Reiligiúnach a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don chéim staidéar ar na **cúig** rud seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Téacsanna Naofa, an Bíobla san áireamh

b) An Chríostaíocht – Bunús agus Eispéireas Comhaimseartha

c) Reiligiúin an Domhain

d) Córais Chreidimh Thuata

e) Eitic

f) Diagacht Chórasach

g) Fealsúnacht an Reiligiúin

# Teicneolaíocht

***Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóir san ábhar curaclaim Teicneolaíocht gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:***

**1.** (a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar a bheith déanta acu ar an Teicneolaíocht suas go dtí bliain a trí nó níos airde (nó comhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas a bheith bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann le Teicneolaíocht.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó comhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó comhionann) ag baint le staidéar na Teicneolaíochta).

**2.** Ní mór don staidéar ar an Teicneolaíocht, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun an siollabas/an tsonraíocht Teicneolaíocht a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/).

Ní mór don cháilíocht staidéar ar na rudaí seo a leanas a chuimsiú, ionas go gcomhlíonfar an riachtanas seo:

a) Sláinte agus Sábháilteacht[1]

b) Dearadh agus Déantúsaíocht Táirgí[2]

c) Teicneolaíocht agus Próiseáil Ábhar[3]

d) Córais Fheidhmeacha Leictreonaice agus Rialaithe[4]

e) Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide

f) Córais Déantúsaíochta[5]

g) Córais Struchtúrtha agus Mheicniúla

[1]Léitheoireacht, toradh labhartha, caidreamh labhartha, éisteacht agus scríbhneoireacht.

[2]Ní mór na rudaí seo a leanas a bheith curtha san áireamh: obair le dearadh déantúsán chun comhtháthú teicneolaíochtaí measctha, forbairt eolais agus scileanna, agus úsáid teicnící cumarsáide grafaice agus an Dearaidh Ríomhchuidithe, a chuimsiú.

[3]Ní mór forbairt scileanna agus dea-chleachtais i bpróiseáil shábháilte ábhar éagsúil a bheith curtha san áireamh. Ba chóir béim faoi leith a bheith curtha ar airíonna, feidhmíocht agus riachtanais phróiseála ábhar. Ba chóir go mbeadh staidéar ar an Déantúsaíocht Ríomhchuidithe curtha san áireamh.

[4]Ní mór obair le córais fheidhmeacha leictreonaice agus rialaithe, atá oiriúnach lena n-úsáid sa chóras meánscoile, a bheith curtha san áireamh.

[5]Ní mór bainistíocht tionscadal agus cáilíochta a bheith curtha san áireamh.

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

Bloc A, Campas Gnó Mhá Nuad,
Má Nuad, Contaea Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Teileafón: +353 1 651 7900
Ríomhphost: info@teachingcouncil.ie

**www.teachingcouncil.ie**

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council